

Fada ó Ultaibh a n-oidhre

[McKenna, L.: *Aithdiogluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 8]

Tadhg Ó hUiginn cct.

1 Fada ó Ultaibh a n-oidhre
iul díreach dá ndearnaimne
a ríge ag Ultaibh ní uil;
Ultaigh fhíre ní hUlaidh.

2 Do cuireadh clanna Rosa
ó chosnamh an cheannasa;
ríge ní uil ag Ultaibh
an fhuil fhíre is ionnarbthaigh.

3 Cóigeadh Uladh re hathaidh
nír ghabh éinrí d'Ultachaibh;
clann Eoghain i n-a n-ionadh
deoraidh ann ar n-áitioghadh.

4 Dá bhfaghthaoi do fhréimh Rosa
oidhre d'agra an dúthchasa
ba tearc d'Ultaibh re a aghaidh
ó nach Ultaigh Eoghanaigh.

5 Do folchadh d'oircheann uaine
teaghdhais Macha Mongruaidhe;
caill is abhla i n-áit Eamhna
cáit i dtarla a tighearna.

6 Ón léan uaradar Ulaidh
a-tá Craobhruadh Conchobhair
- ní d'Íbh Néill as neasa a ghuth -
's a dreasa féin ga falach.

7 Síol Néill as neartmhar lámha
ní hiad tuirthe a tógbhála;
cuirthe go híbh Néill a-nonn
a tuirthe féin dá fulong.

8 A-tá iath aicme Rosa
ó ionnarbadh Fhearghosa
- do b'am a dhíoghalta dháibh -
gan fhíorulta ann d'admháil.

9 Ionnarbhar ar fhud Banbha
Clann Fhearghais ón athardha;

uathadh thír ó mhuir go muir
gan bhloigh dhíbh acht a ndúthaigh.

10 Do bhean Ulta dá aicme
nar chosain a chomhairce
Fearghus acht cidh fada ó shain;
neamhghus aga fa Ultaibh.

11 Gé do bhí d'Fhearagh 'n-a oil
meabhal mic Fhachtna Fháthaigh
éacht d'Ultaibh nocharbh áil leis
ar láimh Ultaigh ga aithreis.

12 An chuid as fhearr d'aicme an fhir
ó ló marbhtha mac n-Uisnigh
fa dhoirr a-muigh sa Mumhain
go bhfuil 'n-a cloinn Chonchobhair.

13 Rí larmhumhan airgneach Gall
cóigeadh Uladh a fhearrann;
le síol Róigh eidhreacht Uladh;
don tseinshliocht chóir Choncobhar.

14 Ó Conchobhair cóir a bhrath
is é oidhre na n-Ultach;
ge chuin ríoghaimne Ó Rosa
fíoroidhre d'fhuil Fhearghosa.

15 Ag súd Tulach Óg uainne
is caithir na Craobhruaidhe
dá n-oidhre dhíleas budh dhéin;
ní dímheas oirne eiséin.

16 Ná bíodh i n-ainbhios Oiligh,
déanadh Éirne d'ionnsoighidh,
is déanta seineol nua a-nois
ar a cheineol d'ua Fhearghois.

17 Dá dtréigthe is truagh ar ndímheas
ráith Eamhna ar an aindíleas;
sealbh Dhúin Geanainn an nglacfa
seach úir fhearinne iasachta?

18 Má tréigear cairt a chinidh
ar sheal do chrích choimhidh
grádh d'fhearrann chloidhimh nír cháir
is seanfhoinn Oiligh d'fhágabháil.

19 Ar mearughadh sa Mhumhain

a-tá mac mheic Conchobhair;
brad gan bheith ar an eolas
ar leith gá fhad fhuileongas?

20 Mac Diarmuda na ndearc mall
fada a-tá - truagh an fulang -
i ngné Mhuimhnigh sa Mhumhain
sé 'n-a fhuilngidh d'larladhaibh.

21 Cúitigheadh re cathaibh Gall
a bhfuil aca dá fhearann;
freagradh só an gríosadh do-gheibh,
ná tíosadh dó sna díslibh.

22 Tiomsaigheadh aicme Fhearghais
do thabhach a tighearnais;
córa dháibh comhlann do chor,
ní fhoghnann a mbáigh briathar.

23 Ná déanadh fuireach fada
nach mealltar Mac Diarmada
clann Rudhraidhe agus Rosa
dá n-ullmhaighe an eachtrasa.

24 Aithnim dhá earla dhruimneach
- lór a fhad as larmhuimhneach -
go ndeach an eachtra i n-inmhe
gan teachta i dteach tháibhirne.

25 Baoghal liom do laoch Caisil
re dteachta sa turassisin
fuighle a bhrughadh is a bhan
cuirme Mumhan dá mhealladh.

26 Dá leana oidhreacht Uladh
is eadh chaithfeas Conchubhar
fulang anshóigh na heachtra
i n-anóir na hoidhreachta.

27 Ní fhuil beart dá mbia roimhe
nach faiceann flaith Ciarroidhe;
an rí ní bhiu ga bhrosdad
gach ní ad-chiu do-chonncosdar.

28 Do chodhnach críche Oiligh
is iomdha dá fhiarfoighidh
a ndubhrubhar nó a ndingne
ullmhughadh na himirghe.

29 Anta go dtí do thionól
gan chur re crích n-Ériomhón;
ní roibhrisg ag triall tusa
's ní mian toirmisg thurusa.

30 Córaide dhuid, a dhearc mhall,
gan teacht le tionól n-éadrom;
ní ní ar do ghaol do-ghéabha,
a rí, acht taobh re dtoibhéagha.

31 Meisque dhuid uaisle th'fola
muna fhóire th'easbhadha;
dá ndeach uaibhse Inis Fáil
nír dhligis t'uaisle d'admháil;

32 Dá shinnsear dhuid, a dhearc ghlas,
Eochaíd Feidhleach is Fearghus;
séan, a rí, an fhréimh ó bhfuile
nó bí sa réim ríoghruidhe.

33 A-tá ionad, a fholt lag,
fuil Mogha neimhnigh Nuadhad;
crú Mogha mairg i n-a bhfuil
's nach tairg dhola 'n-a dhúthaigh.

34 Ná han ar inmhe as lugha
ná ar thabhaigh Brian Bórumha,
ná séan a bhfuil d'uaisle ort;
cuin ghluaisfe leis an ngreasocht?

35 Fuileongaidh tú, a thuir Gaillmhe,
is í críoch do chomhairle
do mhian anocail th'uaisle
t'anshocair is t'anbhuanse.

36 Ní bheir an athmhadan ort
gan a mbí id dhún do dhúsocht
sleagh ghéar gacha láimhe libh
le sgáile méar sa maidin.

37 Suan corrach is cleachtadh dhuid
ag fuireach ret fhear gcomhruig,
do bhas gheal um dhornchla ndéad,
is t'fhear comtha gud choimhéad.

38 Duid do bhí i ndán, a dhreach gheal,
an chríochsa chloinne Míleadh;
ort do fhuighill Flann file
rann fuighill na fáisdine.

39 Tú Ó Duibhne, a dhreach mhálla,
tú breághthóir na bandála,
tú do bhí ar iarraighe ó Fhionn,
a rí ós fhiannaibh Éirionn.

40 Tú do iomlait an t-as óir.
go Doirinn d'iarraighe éalóidh
dá bhfuair gach cos dod chosaibh
a huain don as órdhasain.

41 Tú an dalta do bhí ag Bodhmuinn
ler éirigh gach éanfhoghluim;
tú do bhaoi i gcuasaibh na gcrann
gan dloai uasaibh dot altrom.

42 Tú an laoch gar leanadh an Táin,
lat do marbhadh mac Damháin,
do chaith sé fhíoch ar t'aghaidh
an té le bhfríoth Fiondabhair.

43 Sódh leanta a lochta foladh
rí Ciarraidhe Conchobhar
[do] dhruim cheilge nocha chló
fa thuinn feirge go bhfadó. Fada.